



ParlEU2013.ie

Uachtaránacht na hÉireann ar
Chomhairle an Aontais Eorpaigh
An Ghné Pharlaiminteach

Irish Presidency of the
Council of the European Union
Parliamentary Dimension

8 Bealtaine 2013

Cuireadh chuig COSAC XLIX, 23-25 Meitheamh 2013

A Chomhghleacaí, a chara,

Mar Chathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh, cuireann sé an-áthas orm cuireadh a thabhairt duit teacht chuig COSAC XLIX a thionólfar i mBaile Átha Cliath mar chuid de ghné pharlaiminteach Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle AE.

Tionólfar an cruinniú Dé Luain agus Dé Máirt, an 24 agus an 25 Meitheamh 2013, i dtimpeallacht stairiúil Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus déanfaidh Tithe an Oireachtais dinnéar a óstáil roimh ré oíche Dé Domhnaigh, an 23 Meitheamh 2013.

Tá an dréachtchlár, an fhoirm chlárúcháin agus nóta faisnéise praiticiúil don chruinniú istigh leis seo. Is féidir áirithintí óstáin a dhéanamh ar-líne tríd an suíomh gréasáin:

http://cms.ihfhousingbureau.com/ENG/event91_23June13.html

Déan deimhin de, más é do thoil é, go ndéanfar na háirithintí óstáin agus na clárúcháin a luaithe is féidir agus faoin 4 Meitheamh 2013 ar a dhéanaí.

Táim ag tnúth go mór le tú a fheiceáil i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh.

Mise le meas,

Doiminic Ó hAnnagáin T.D.

Cathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh

